



# An Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

*Achoimre ar Sheisiún 1*

[23-25 Feabhra 2024]










### Dúshláin agus cumasóirí i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh a shainaithint: ba thábhachtach an ócáid é an deireadh seachtaine a chaitheamar sa Bhruiséil

Tá deireadh tagtha leis an gcéad deireadh seachtaine seo den Phainéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, roinnt acu ag taisteal ar feadh suas le 24 uair an chloig, tháinig siad le chéile agus phléigh siad na dúshláin agus na cumasóirí a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus réitigh siad an bealach don chéad dá sheisiún eile.

Bhain dhá chuspóir le struchtúr an tseisiúin: na príomhdhúshláin agus na príomhchumasóirí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a shainaithint. Bhí sé roinnte ina cheithre bhloc, agus díríodh ar an méid seo a leanas:

- Bloc I: Na rannpháirtithe ag cur aithne ar a chéile.
- Bloc II: Neartú ar an gcomhthuiscint ar an gcóras fuinnimh agus ar na hidirnaisc idir a ghníomhaithe éagsúla.
- Bloc III: Dúshláin agus cumasóirí i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh a shainaithint.
- Bloc IV: Tosaíocht a thabhairt do na cumasóirí is ábhartha agus na riachtanais eolais do na chéad seisiúin eile a chur in iúl.

Rinne na rannpháirtithe gnéithe éagsúla a chíoradh, lena n-áirítear srianta airgeadais, bonneagar neamhleor, agus constaicí maorlathacha i measc go leor nithe eile.

# Seisiún 1: Lá i ndiaidh lae

## LÁ 01 - Cruinniú Iomlánach

**Focal fáilte ón Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, Dubravka Šuica:** ‘Is mian linn do thuairimí a chloisteáil agus tá rún daingean againn a chinntiú go gcloisfear iad’

**Agallamh comhpháirteach le Dana Spinant, Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM) agus Colin Scicluna, Ceann *Cabinet* an Leas-Uachtaráin Dubravka Šuica**

Thug saineolaithe soiléiriú gurb é atá i gceist le héifeachtúlacht fuinnimh go mbaintear amach na torthaí céanna ach le níos lú fuinnimh, agus simpliú á dhéanamh san am céanna ar chastachtaí, gníomhaithe agus dinimic an chórais fuinnimh.

## LÁ 02 – Meithleacha

Roinneadh na rannpháirtithe ina meithleacha agus thosaigh siad ag cur aithne ar a chéile agus a dtomhaltas fuinnimh agus a dtáirgeadh fuinnimh á bplé acu. Rinne gach grúpa ‘mapáil’ amhairc ar an gcóras fuinnimh, ar a ghníomhaithe, agus ar an dinimic a bhaineann leis, chun na príomhdhúshláin a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a shainaithint.

As na dúshláin sin, roghnaíodh bacainní ar éifeachtúlacht fuinnimh trí phróiseas plé agus vótála i ngach grúpa. Chuir éagsúlacht na rannpháirtithe go mór leis na díospóireachtaí, rud a d’fhág gur tugadh léargas ar thuairimí éagsúla ann agus suas le 5 theanga éagsúla á labhairt laistigh de gach meitheal.

## LÁ 03 - Cruinniú Iomlánach

Tar éis lá plé agus imeacht manglaim tráthnóna le rannpháirtithe Phainéal Saoránach na Beilge maidir leis an Intleacht Shaorga, rud a d’eagraigh Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle na nAirí, bhí an t-atmaisféar dearfach sa seomra fós le mothú i gcruinniú iomlánach an Domhnaigh, áit ar chuir comhalta de gach meitheal na príomhdhúshláin i láthair. Rinne ionadaí amháin ó gach grúpa cur i láthair maidir le constaic thábhachtach ar thug siad tosaíocht di ó thaobh córas fuinnimh éifeachtúil a bhaint amach.

**Plé faoin aiseolas sa chruinniú iomlánach**

Thug saineolaithe agus rannpháirtithe eile freagra maidir leis na constaicí a cuireadh i láthair. D’fhorbair siad argóintí iomadúla inar díríodh ar thrí phríomhearnáil inar gá éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach: iompar, foirgnimh agus tionscal. Tugadh aitheantas d’ardchaighdeán na ndíospóireachtaí.

## An Clár Oibre do Sheisiún 1

| LÁ 01 | |
|---|---|
| **12:30**<br>**15:00** | Teacht ar an láthair, lón agus aitheasc fáilte agus tosaigh ón **Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, Dubravka Šuica** |
| **15:00**<br>**17:00** | **Imeacht tosaigh**: aithne a chur ar a chéile<br>**Sainchúram an Phainéil**: cad é an rud atá le déanamh, cén fáth a ndéanfar é agus cén chaoi a ndéanfar é?<br>Tuiscint a fháil ar an bPainéal<br>Sos caife |
| **17:00**<br>**18:45** | Ag foghlaim faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh leis an gCoiste Eolais<br>Ag ullmhú don bplé<br>Sos |
| **18:45**<br>**20:00** | Dinnéar buifé i bhForhalla Charlemagne |

| LÁ 02 | |
|---|---|
| **09:00**<br>**11:00** | **Bloc I: Tusa, mise agus an éifeachtúlacht fuinnimh**<br>**Sos caife** |
| **11:00**<br>**14:00** | **Bloc II: Mapáil ar an gcóras éifeachtúlachta fuinnimh agus a ghníomhaithe**<br>Sos lóin |
| **14:00**<br>**16:00** | **Bloc III: Constaicí & Cumasóirí**<br>Sos caife |
| **16:00**<br>**18:00** | **Bloc IV: Na riachtanais eolais a chur in ord tosaíochta agus iad a bhailiú le chéile** |

*Tráthnóna: Teacht le chéile Comhpháirteach Sóisialta le Rannpháirtithe Phainéal Saoránach na Beilge agus Dinnéar i mBialann Albert, Mont des Arts 28, 1000 An Bhruiséil*

| LÁ 03 | |
|---|---|
| **09:30**<br>**09:55** | **Measúnú ar na laethanta roimhe sin** |
| **09:55**<br>**12:05** | Malartuithe éascaithe idir Painéalaithe, Comhaltaí den Choiste Eolais agus Oifigigh ón gCoimisiún Eorpach |

| | |
|---|---|
| | Sos caife |
| **12:05**<br>**13:15** | **Straitéis chumarsáide agus cur i láthair an ardáin Hyperfair** |
| **13:15**<br>***14:00*** | **Clabhsúr & Na chéad chéimeanna eile**<br>*Pacáistí lóin a dháileadh* |

# Ceisteanna & freagraí le Betina (19), ón Eastóin

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach duit páirt a ghlacadh sa Phainéal seo?

'Chuir comhaltaí an Choimisiúin i dtábhacht sna cruinnithe iomlánacha gurb í an óige a mhúnlóidh an todhchaí. Cé nach bhfuil teach, carr ná meaisín níocháin agam, tá an t-eolas fós ábhartha dúinn. Is féidir linn léargas ar leith a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sonracha a bhaineann linn. Táimid ag smaoineamh freisin ar na glúine atá le teacht; tá ár n-iarrachtaí á ndéanamh ar a son freisin. Táim fiosrach an rachaidh ár gcuid smaointe chomh fada leis an gCoimisiún agus an mbainfear úsáid astu. Bhí trédhearcacht maidir le húsáid fuinnimh ar cheann de na príomhábhair a phléamar inár bpainéal. Tá súil agam go dtabharfar aird air toisc go gcuireann faisnéis mhionsonraithe ar chumas daoine cinntí a dhéanamh ar bhonn eolais mhaith.'

## Cad leis a bhfuil tú ag súil ón gcéad seisiún eile?

'Tá éifeachtúlacht fuinnimh ríthábhachtach domsa toisc, mar is eol dúinn, go bhfuil an t-athrú aeráide ina shaincheist phráinneach le fada an lá, agus is minic a bhíonn sé treascrach mar gheall ar a chasta atá sé. Taitníonn sé liom conas a chuireann an painéal seo ar ár gcumas díriú ar ábhair shonracha, amhail fuinneamh, i ngrúpaí beaga, rud a fhágann gur féidir scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar an bhfadhb. Tá sé thar a bheith luachmhar dul i mbun comhrá le saineolaithe, rud nach mbíonn fáil air i gcónaí sa saol laethúil (in ainneoin an mhéid a chuireann Google ar fáil). Cinntíonn sé nach dtugaimid neamhaird ar mhionsonraí agus gur féidir linn moltaí praiticiúla a chur le chéile don Choimisiún.'

## Cad é buaicphointe an deiridh seachtaine a bhí agat?

'Deireadh seachtaine iontach a bhí ann.
Sílim go raibh an léirshamhlú, agus an mhapáil, an-úsáideach, toisc gur féidir leat nasc a dhéanamh idir na fadhbanna nó na pleananna agus iad a fheiceáil.
Bhí sé an-deas, ag tús an tSathairn, gur chuireamar ár gcomharsa, seachas sinn féin, in iúl. Sílim gur bhraitheamar níos nasctha le chéile agus níos oscailte agus go raibh tuiscint níos fearr againn ar a chéile dá bharr.
Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as ucht an phainéil seo, toisc go mbímid ag caint san ollscoil faoi dhaoine a spreagadh le bheith rannpháirteach sa phróiseas daonlathais agus is iontach an rud é a fheiceáil gur ann dó ní hamháin go teoiriciúil ach gur léir gur ann dó go praiticiúil chomh maith.'

# Idirghabhálacha ó shaineolaithe le linn na gcruinnithe iomlánacha

| | |
|---|---|
| **Yves Marignac,** *Saineolaí Fuinnimh agus Comhairleoir Sinsearach, Cumann négaWatt, an Fhrainc* | **Arianna Vitali Roscini,** *Ardrúnaí, Comhghuaillíocht an Choigiltis Fuinnimh, an Iodáil* |
| **Camille Defard,** *Ceann Ionad Fuinnimh Jacques Delors, an Fhrainc* | **Claudia Canevari,** *Ceann Aonaid, Beartas agus Maoiniú na hÉifeachtúlachta Fuinnimh: Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh*, an Coimisiún Eorpach |
| **Jan Rosenow,** *Stiúrthóir na gclár Eorpach, an Tionscadal um Chúnamh Rialála, an Ghearmáin* | **Claire Roumet,** *Beartas agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh, Cathracha Fuinnimh, an Fhrainc* |
| **Reinhard Six,** *Sainchomhairleoir Neamhspleách, Saineolaí ar mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh, an Ghearmáin* | |

# Tuairimí ó bheirt saineolaithe ó na cruinnithe iomlánacha

## Camille Defard

‘*Tá uirlisí teicniúla ag an Aontas chun oiliúint a chur ar na Ballstáit agus chun aghaidh a thabhairt ar a gceisteanna. Éilíonn éifeachtúlacht fuinnimh infheistíocht shuntasach, ach níl an cumas céanna ag gach Ballstát infheistíocht a dhéanamh. Tá maoiniú Eorpach ar fáil, go háirithe tríd an ‘Plan de Relance’ ar an leibhéal Eorpach, plean a seoladh tar éis ghéarchéim Covid, chun cothromú a dhéanamh ar na deiseanna atá ag na Ballstáit na rialacháin éigeantacha sin a chur i bhfeidhm.*’

## Claudia Canevari

‘*Tá fuinneamh ar cheann de bheartais na hinniúlachta comhroinnte, rud a chiallaíonn gurb iad an tAontas agus na Ballstáit araon atá freagrach as. Is féidir leis na Ballstáit reachtaíocht a rith ar an leibhéal náisiúnta freisin. Glacann an tAontas Eorpach treoracha freisin nach mór do reachtóirí náisiúnta iad a thrasuí — agus iad oiriúnaithe ar an gcaoi sin. Déanann an Coimisiún Eorpach tograí maidir le beartas fuinnimh, ach is iad Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na nAirí a dhéanann cinntí reachtacha. Téann an chéad treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh siar go 2012 agus rinneadh athbhreithniú uirthi in 2018 agus in 2023 chun cloí le cuspóirí aeráide. Cumhdaíonn an treoir seo gach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear foirgnimh, tionscal agus an earnáil phoiblí…*’

[Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifeadadh seisiún iomlánach na hAoine!]

[Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifeadadh sheisiún iomlánach an Domhnaigh!]

## Príomhléargais ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach

*'Srian nó toirmeasc ar fheithiclí SUV níos troime, níos mó agus ardtomhaltais i gceantair uirbeacha a bhfuil daonra mór iontu.'*


*'Tá díospóireacht oscailte mheasúil ag teastáil uainn ar gach leibhéal — áitiúil, náisiúnta agus Eorpach — maidir le conas na spriocanna sin a bhaint amach gan aon duine a fhágáil ar lár.'*

*'Trácht gluaisteán a laghdú trí shráideanna agus spásanna atá níos fabhraí do choisithe agus níos suaimhní a chruthú, agus úsáid choincréite i sráideanna agus limistéir cathracha a laghdú go mór. Ina ionad sin, féar agus crainn a chur chun téamh uirbeach a laghdú agus an spleáchas ar fheistí fuaraithe a laghdú, go háirithe sa samhradh.'*

*'Méadair chliste éigeantacha a chur chun feidhme. Ní chuireann seanmhéadair fuinnimh ach taraifí oíche agus lae ar fáil. Is féidir leis na méadair chliste nua an taraif/praghas fuinnimh atá ann faoi láthair a thuairisciú, rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na hamanna a bhfuil sé costasach nó saor leictreachas a úsáid. Go teoiriciúil, leis an méid sin, déanfar an cuar éilimh a chothromú agus, ar an gcaoi sin, an spleáchas ar ghléasraí buaice a laghdú.'*

[Caith súil ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach]

### An deireadh seachtaine trí shúile Sylvain Mazas




Chuir Sylvain Mazas i láthair éabhlóid an phlé le grafaicí. Tugtar léargas thuas ar a chuid oibre, ina léirítear conas a thaispeáin sé imeachtaí na gcruinnithe iomlánacha ar bhealach tarraingteach físiúil, rud a chuir go mór le dinimic an tseisiúin.

## Meabhrúchán: Cuspóirí na dtrí sheisiún

- **Seisiún 1 23-25 Feabhra 2024**: Taithí na saoránach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus an tuiscint atá acu ar na príomhdhúshláin atá roimh an gcóras fuinnimh ina iomláine.
- **Seisiún 2: 15-17 Márta 2024:** Díriú ar dhul ó dhúshláin go réitigh
- **Seisiún 3: 12-14 Aibreán 2024:** Moltaí a dhaingniú, a phlé agus a fhormhuiniú